Comhairle Cathrach na Gaillimhe
Galway City Council

Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh. H91 X4K8 •
City Hall, College Road, Galway. H91 X4K8
091-536400 • customerservice@galwaycity.ie
www.galwaycity.ie @GalwayCityCo
www.facebook.com/GalwayCityCouncil/

## DÚNADH SEALADACH BÓITHRE
## ACHT NA MBÓITHRE 1993 – ALT 75
## RIALACHÁIN UM BÓITHRE 1994 – AIRTEAGAL 12
## FÓGRA RÚIN

**TUGTAR FÓGRA LEIS SEO** go bhfuil sé beartaithe ag Comhairle Cathrach na Gaillimhe ordú a dhéanamh ag dúnadh:-

**Bóthar na Ceapaí:**Ó Bhóthar Dáileacháin an Iarthair go dtí an bealach isteach go dtí Páirc na Ceapaí

**Tréimhse an Dúnta:** ó 9am go 4pm, Déardaoin, an 24 Feabhra 2022

**Cúis:** Oibreacha bonneagair Uisce Éireann

**Bealaí ar Mhalairt Slí:** Cuirfear bealaí sealadacha ar mhalairt slí i bhfeidhm tríd an R336, Bóthar Bhaile an Mhóinín agus Bóthar Dáileacháin an Iarthair.

Coinneofar rochtain áitiúil i gcónaí.

Beidh réamhchomharthaíocht atreoraithe i bhfeidhm sula dtosófar ar an obair.

Is féidir doiciméid a iniúchadh ag an bhFáiltiú, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Gaillimh, H91 X4K8, le linn uaireanta oifige, ó 9.30rn go 1.00in, Luan go hAoine, Féadfar agóidí a dhéanamh i gcoinne an dúnadh sealadach beartaithe a chur isteach i scríbhinn chuig an tUasal Patrick Greene, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Cathrach na Gaillimhe, ag an seoladh thuas, nó trí ríomhphost chuig: roads@galwaycity.ie tráth nach déanaí ná 12 meán lae ar Déardaoin 10ú Feabhra 2022

Is féidir an fógra agus an léarscáil a íoslódáil freisin ónár láithreán gréasáin: www.galwaycity.ie

## TEMPORARY CLOSING OF ROADS
## ROADS ACT 1993 – SECTION 75
## ROADS REGULATIONS 1994 - ARTICLE 12
## NOTICE OF INTENTION

**NOTICE IS HEREBY GIVEN** that Galway City Council proposes to make an order closing:

**Cappagh Road:** From Western Distributor Road to Cappagh Park entrance

**Period of Closure:** 9am to 4pm, Thursday 24th February 2022

**Reason:** Irish Water infrastructure works

**Diversion Routes:** Temporary diversion routes will be in place via the R336, Ballymoneen Road and Western Distributor Road.

Localised access will be maintained at all times.

Advance diversion signage will be in place prior to work commencing.

Documents can be inspected at Reception, Galway City Council, City Hall, College Road, Galway, H91 X4K8, during office hours, from 9.30am to 1.00pm, Monday to Friday. Objections to the proposed temporary closure may be submitted in writing to Mr Patrick Greene, Director of Services, Galway City Council, at above address, or by email to: roads@galwaycity.ie not later than 12 noon on Thursday 10th February 2022

This notice and map may also be downloaded from our website: www.galwaycity.ie

## FÓGRA SUÍMH
## AN TACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ)

**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 10**
**Iarratasóir: Comhairle Cathrach na Gaillimhe – An Rannóg Tithíochta**
**Láthair: 17-20 Bóthar na gCeannaithe Íochtarach, Gaillimh**

Fógra Iarratais leis an mBord Pleanála ar Fhaomhadh
**FÓGRA DE BHUN: ALT 177AE DEN ACHT UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2000 (ARNA LEASÚ) AGUS NA RIALACHÁIN UM PLEANÁIL AGUS FORBAIRT, 2001 ARNA LEASÚ**
**COMHAIRLE CATHRACH NA GAILLIMHE 17-20 BÓTHAR NA GCEANNAITHE ÍOCHTARACH FORBAIRT ÚSÁIDE MEASCTHA**
Tugtar fógra, leis seo, go mbeartaíonn Comhairle Cathrach na Gaillimhe faomhadh a lorg ón mBord Pleanála chun tabhairt faoi fhorbairt ina ndéanfar Uimhreacha 17-20 ar Bhóthar na gCeannaithe Íochtarach, tithe cónaithe sraithe agus gach teach amuigh coimhdeach agus balla teorann a scartáil agus forbairt úsáide measctha bheartaithe 5 stór (a bhfuil forbairt 1 stóir mar chuid de) a thógáil ina bhfuil; caifé, ionad cultúir, 12 aonad árasáin tithíochta sóisialta agus ardán inrochtana dín ag 17-20 Bóthar na gCeannaithe Íochtarach, Cathair na Gaillimhe.
Is éard a bheidh san fhorbairt úsáide measctha 5 stór (ina bhfuil forbairt 1 stóir i gceist mar chuid de): (a) Caifé, (b) Ionad Cultúir, (c) Clós Clúdaithe ar urlár na talún, (d) 12 aonad árasáin tithíochta sóisialta ina bhfuil: (i) 5 árasán aon seomra leapa (ii) 7 n-árasán dhá sheomra leapa ag a bhfuil ardán inrochtana dín; agus (e) oibreacha forbartha tacaíochta, an méid seo a leanas ina measc (i) geata rochtana, (ii) comharthaíocht, (iii) stóráil araidí, (iv) trealamh gléasra, (v) claíocha teorann nua suímh, agus (vi) na hoibreacha gaolmhara forbartha suímh agus na hoibreacha coimhdeacha eile go léir.

Ullmhaíodh Ráiteas Tionchair Natura maidir leis an bhforbairt bheartaithe.
Is féidir leis an mBord Pleanála faomhadh a thabhairt don iarratas ar fhorbairt le nó gan choinníollacha nó an t-iarratas ar fhorbairt a dhiúltú.
Tá cóip den Ráiteas Tionchair Natura agus de Phleananna agus de Shonraí na forbartha a bheartaítear ar fáil ar láithreán gréasáin Chomhairle Cathrach na Gaillimhe ag www.galwaycity.ie/planning-news Beidh cóip den Ráiteas Tionchair Natura agus de Phleananna agus de Shonraí na forbartha a bheartaítear ar fáil freisin d'iniúchadh ag an bpobal ag Oifigí Pleanála Chomhairle Cathrach na Gaillimhe, Halla na Cathrach, Bóthar an Choláiste, Cathair na Gaillimhe, ón 3 Feabhra 2022 go dtí an 3 Márta 2022, na dátaí siúd san áireamh, ó 10am go 1pm ó Luan go hAoine, nó lena gceannach ar chostas €15.
Mar gheall ar phaindéim Covid-19, ní bheidh oifigí na Comhairle inrochtana ach trí choinne a dhéanamh roimh ré. Déan teagmháil, le do thoil, le Comhairle Cathrach na Gaillimhe ar an nguthán trí ghlaoch ar 091-536599 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig planning@galwaycity.ie má bhíonn aon cheisteanna agat nó más mian leat coinne a shocrú. Is féidir aighneachtaí agus breathnóireacht a dhéanamh i scríbhinn le An Bord Pleanála, 64 Sráid Mhaoilbhríde, Baile Átha Cliath, D01 V902 ón 3 Márta 2022 nó roimh an 21 Márta 2022 maidir le:
Impleachtaí na forbartha a bheartaítear i leith pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe sa limistéir atá i gceist;
Na héifeachtaí dóchúla ar an timpeallacht a bheidh ag an bhforbairt a bheartaítear, agus
Éifeachtaí dóchúla suntasacha na forbartha a bheartaítear ar Shuíomh Eorpach, má thugtar faoin bhforbairt.
Féadfaidh duine bailíocht aon chinnidh den saghas sin a dhéanfaidh an Bord Pleanála a cheistiú trí iarratas a dhéanamh ar athbhreithniú breithiúnach faoi Ordú 84 de Rialacha na Cúirte Uachtaraí (IR Uimh. 15 de 1986) i gcomhréir le halt 50 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú. Is féidir eolas praiticiúil ar an meicníocht athbhreithnithe a fháil ó láithreán gréasáin an Bhoird, www.pleanala.ie, nó ar an láithreán gréasáin um Fhaisnéis do Shaoránaigh, www.citizensinformation.ie
Patricia Philbin,
Stiúrthóir Seirbhísí, Pleanáil, Tithíocht, Forbairt Timpeallachta agus Cultúr
Dar dáta an 3 Feabhra 2022

## SITE NOTICE
## PLANNING AND DEVELOPMENT ACT 2000 (AS AMENDED)

**Planning and Development Regulations, 2001 (as amended) - Part 10**
**Applicant: Galway City Council – Housing Department**
**Location: 17-20 Merchants Road Lower, Galway**

Notice of Application to An Bord Pleanála for Approval
**NOTICE PURSUANT TO: SECTION 177AE OF THE PLANNING AND DEVELOPENT ACT 2000 (AS AMENDED) AND THE PLANNING AND DEVELOPMENT REGULATIONS 2001 (AS AMENDED)**
**GALWAY CITY COUNCIL 17-20 MERCHANTS ROAD LOWER MIXED USE DEVELOPMENT**
Notice is hereby given that Galway City Council proposes to seek the approval of An Bord Pleanála to carry out development that will consist of demolition of No17-20 Merchants Road Lower terraced dwelling houses and all ancillary outbuildings and boundary walls and the construction of a proposed 5-storey (with part 1-storey) mixed use development comprising; a café, cultural venue, 12no social housing apartment units and accessible roof terrace at 17-20 Merchants Road Lower, Galway City.
The 5-storey (with part 1-storey) mixed use development will consist of:
(a) Café, (b) Cultural Venue, (c) Covered Courtyard at ground floor, (d) 12 no. social housing units comprising of: (i) 5no. one-bedroom apartments (ii) 7no two-bedroom apartments with (iii) accessible roof terrace; and (e) supporting development works including (i) access gate, (ii) signage, (iii) bin storage, (iv) plant equipment, (v) new site boundary treatment, and (vi) all other associated site development and ancillary works.

A Natura Impact Statement has been prepared in respect of the proposed development.
An Bord Pleanála may give approval to the application for development with or without conditions or may refuse the application for development.
A copy of the Natura Impact Statement and the Plans and Particulars of the proposed development are available on the website of Galway City Council at www.galwaycity.ie/planning-news A copy of the Natura Impact Statement and the Plans and Particulars of the proposed development will also be available for public inspection at the Planning Offices of Galway City Council, City Hall, College Road, Galway City, from 3rd February 2022 until 3rd March 2022 inclusive, from 10 am to 1pm Monday to Friday, or purchase at a cost of €15.
Due to the Covid-19 pandemic the Council's offices are accessible by prior appointment only. Please contact Galway City Council by phone 091-536599 or email at planning@galwaycity.ie if you have any queries or wish to arrange an appointment. Submissions and observations may be made in writing to An Bord Pleanála, 64 Marlborough Street, Dublin, D01 V902 from 3rd March 2022 or before 21st March 2022 in relation to:
The implications of the proposed development for proper planning and sustainable development in the area concerned;
The likely effects on the environment of the proposed development, and
The likely significant effects of the proposed development on a European Site, if carried out.
A person may question the validity of any such decision by An Bord Pleanála by way of an application for judicial review under Order 84 of the Rules of the Superior Courts (S.I. No. 15 of 1986) in accordance with section 50 of the Planning and Development Act, 2000 as amended.
Practical information on the review mechanism can be accessed on the Board's website www.pleanala.ie or on the Citizens Information website www. citizensinformation.ie
Patricia Philbin,
Director of Services, Planning, Housing, Environment Development & Culture
Dated 3rd February 2022